



Comhráite (Dialogues)

Dónall and Róisín meet at a speed-dating evening.

- Róisín: Conas atá tú?
Dónall: Go maith, go raibh maith agat. Is mise Dónall.
Róisín: Is mise Róisín.
Dónall: Cad as duit, a Róisín?
Róisín: As Baile Átha Cliath. Rugadh agus tógadh anseo mé.
Dónall: Is as Corcaigh ó dhúchas mé féin, ach tá mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath anois.

Mícheál tries to chat up Garda Sinéad de Barra when she stops him at a checkpoint.

- Mícheál: Dia duit, a gharda.
Sinéad: Dia is Muire duit.
Mícheál: Cén chaoi a bhfuil tú?
Sinéad: Go maith, go raibh maith agat. Céard is ainm duit?
Mícheál: Mícheál Ó Conaola, a gharda. Céard is ainm duit féin?
Sinéad
[reluctantly]: An Garda de Barra. Cá bhfuil tú i do chónaí?
Mícheál: Tá mé i mo chónaí i gCarna. Cá bhfuil tú féin i do chónaí, a gharda?
Sinéad: Ní bhaineann sin leat!

Séamas is considering moving from the city to the country. He has an appointment with an estate agent, Cathal, who is going to show him around a house that's for sale.

- Séamas: Cathal, an ea?
Cathal: Séamas—cad é mar atá tú?
Séamas: Go maith, go raibh maith agat.
Cathal: So, tá tú ag cuimhneamh ar aistriú go dtí an ceantar seo?

He hands Cathal a leaflet containing information about the house.

- Séamas: Tá. Tá mé sa chathair le deich mbliana anuas. Ba mhaith liom imeacht as anois.

Cathal: Bhuel, tá an ceantar seo go hálainn. Tá áiseanna maithe ann, agus tá muintir na háite go deas. Agus tá tithe deasa anseo.

Séamas [looking at the leaflet]: Tá na praghsanna go deas chomh maith.

Aistriúchán ar na comhráite (*Translation of the dialogues*)

Dónall and Róisín meet at a speed-dating evening.

- Róisín: How are you?
Dónall: I'm well, thank you. I'm Dónall.
Róisín: I'm Róisín.
Dónall: Where are you from, Róisín?
Róisín: From Dublin. I was born and raised here.
Dónall: I'm from Cork originally myself, but I live in Dublin now.

Mícheál tries to chat up Garda Sinéad de Barra when she stops him at a checkpoint.

- Mícheál: Hello, guard.
Sinéad: Hello.
Mícheál: How are you?
Sinéad: I'm well, thank you. What's your name?
Mícheál: Mícheál Ó Conaola, guard. What's your own name?
Sinéad
[reluctantly]: Garda de Barra. Where do you live?
Mícheál: I live in Carna. Where do you live yourself, guard?
Sinéad: That's none of your business!

Séamas is considering moving from the city to the country. He has an appointment with an estate agent, Cathal, who is going to show him around a house that's for sale.

- Séamas: Cathal, is it?
Cathal: Séamas—how are you?
Séamas: I'm well, thank you.
Cathal: So, you're thinking of moving to this area?

He hands Cathal a leaflet containing information about the house.

- Séamas: Yes. I've been in the city for the past ten years. I'd like to leave it now.
Cathal: Well, this area is lovely. There are good facilities, and the local people are nice. And there are nice houses here.
Séamas [looking at the leaflet]: The prices are nice as well.